Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016
Ceol
Trialacha Praiticiúla

Tugtar do d'aire

Sa doiciméad seo agus le linn na dTrialacha Ceolchasaidh:

Baineann **Ardleibhéal** le hiarrthóirí a dhéanann **Éisteacht** nó **Cumadóireacht** mar rogha (Ceolchasadh: **25%**).
Baineann **Ardleibhéal Roghnach** le hiarrthóirí a dhéanann **Ceolchasadh** mar rogha (Ceolchasadh: **50%**).

	Leibhéal	Riachtanais	Triail Neamhullmhaithe
Rogha 1	Gnáthleibhéal	Dhá amhrán nó dhréacht	Triail neamhullmhaithe GL
Rogha 2	Ardleibhéal (Gníomhaíocht cheolchasaidh amháin)	Trí amhrán nó dhréacht	Triail neamhullmhaithe AL
Rogha 3	Ardleibhéal (Dhá ghníomhaíocht cheolchasaidh)	Dhá amhrán nó dhréacht i ngach gníomhaíocht cheolchasaidh	Triail neamhullmhaithe AL
Rogha 4	Ardleibhéal Roghnach (Gníomhaíocht cheolchasaidh amháin)	Sé amhrán nó dhréacht	Triail neamhullmhaithe AL
Rogha 5	Ardleibhéal Roghnach (Dhá ghníomhaíocht cheolchasaidh)	Ceithre amhrán nó dhréacht i ngach gníomhaíocht cheolchasaidh	Triail neamhullmhaithe AL

- Ní dhéanfaidh na hiarrthóirí ach ceann **amháin** de ne roghanna thuas.
- Féach ar an Siollabas agus ar an **Nóta Eolais** (a chuirtear chuig na scoileanna gach bliain agus atá ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit www.examinations.ie), le do thoil, chun eolas tábhachtach breise a fháil faoi na gníomhaíochtaí agus faoi na riachtanais.
- **Ní ceadmhach fón póca a úsáid chun fuaimrian taca a sheinm**.
- Tá cead ag na scoileanna a shocrú cén t-**ord** ina dtiocfaidh na hiarrthóirí i láthair don scrúdú. Is é an **scrúdaitheoir** a shocróidh sceideal **an ama**.
- **NB Iarrthóirí a bhfuil a scrúdú le bheith ann i ndeireadh an lae nó i dtús an chéad lae eile, <u>ní mór dóibh</u> a bheith réidh le dul faoi scrúdú ag ceachtar den dá am.**